



9520/18

Comhaid Idirinstitiúideacha:

2016/0131 (COD)
2016/0132 (COD)
2016/0133 (COD)
2016/0222 (COD)
2016/0223 (COD)
2016/0224 (COD)
2016/0225 (COD)

ASILE 31
ASIM 57
CSC 172
EURODAC 7
ENFOPOL 286
RELEX 480
CODEC 896

NÓTA

ó: An Uachtaránacht

chuig: An Chomhairle

Uimh. an doic. 8715/1/16 REV 1 ASILE 11 CODEC 613
roimhe seo: 11318/1/16 REV 1 ASILE 28 CODEC 1078
11316/16 ASILE 26 CODEC 1076 + ADD 1
11317/16 ASILE 27 CODEC 1077 + ADD 1 + ADD 2
8765/1/16 REV 1 ASILE 13 EURODAC 3 ENFOPOL 132 CODEC 630
8742/16 ASILE 12 CODEC 619
11313/16 ASIM 107 RELEX 650 COMIX 534 CODEC 1073

Ábhar: **Athchóiriú ar an gComhchóras Eorpach Tearmainn agus ar an Athshocrú:** a) **Rialachán Bhaile Átha Cliath:** Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear na critéir agus na sásraí lena gcinntear cé acu Ballstát atá freagrach as scrúdú a dhéanamh ar iarratas ar chosaint idirnáisiúnta arna thaisceadh i gceann de na Ballstáit ag náisiúnach tríú tír nó ag duine gan stát (athmhúnlú) (An chéad léamh)
b) **An Treoir maidir le Coinníollacha Glactha:** Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos caighdeáin chun glacadh le hiaratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta (athmhúnlú) (An chéad léamh)
c) **An Rialachán Cáilitheachta:** Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin i dtaca le cáilitheacht náisiúnach tríú tír nó daoine gan stát mar thairbhíthe de chosaint idirnáisiúnta, i dtaca le stádas aonfhoirmeach do dhéanaithe nó do dhaoine atá incháilithe le haghaidh cosaint choimhdeach agus i dtaca lena bhfuil sa chosaint a thugtar, agus lena leasaítear Treoir 2003/109/CE ón gComhairle an 25 Samhain 2003 maidir le stádas náisiúnach tríú tír ar cónaitheoirí fadtéarmacha iad (An chéad léamh)
d) **An Rialachán maidir le Nósanna Imeachta Tearmainn:** Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear nós imeachta comhchoiteann le haghaidh cosaint idirnáisiúnta san Aontas agus lena n-aisghairtear Treoir 2013/32/AE (An chéad léamh)
e) **Rialachán Eurodac:** Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le bunú 'Eurodac' chun méarloirg a chur i gcomparáid lena chéile ar mhaithe le [Rialachán (CE) Uimh. 604/2013 lena mbunaítear na critéir agus na sásraí lena gcinntear cé acu Ballstát atá freagrach as scrúdú a dhéanamh ar iarratas ar chosaint idirnáisiúnta arna thaisceadh i gceann de na Ballstáit ag náisiúnach tríú tír nó ag duine gan stát] a chur i bhfeidhm ar bhealach éifeachtach, chun náisiúnach tríú tír nó duine gan stát atá ag fanacht go neamhdhleathach sa stát a shainaithint agus maidir le hiarataí ó údarais forghníomhaithe dlí na mBallstát agus ó Europol ar chomparáidí le sonraí Eurodac chun críocha forghníomhaithe dlí (athmhúnlú)
f) **An Rialachán maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann:** Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 439/2010 (An chéad léamh)
g) **An Rialachán Réime maidir le hAthshocrú:** Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear Creat Athshocraíochta an Aontais agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 516/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (An chéad léamh)

= Díospóireacht bheartais / Tuarascáil ar dhul chun cinn

I. RÉAMHRÁ

1. Ar an 4 Bealtaine agus an 13 Iúil 2016, thíolaic an Coimisiún seacht gcinn de thograí reachtacha darbh aidhm athchóiriú a dhéanamh ar an gComhchóras Eorpach Tearmainn (CEAS). Áiríodh sa phacáiste sin athmhúnlú Rialachán Bhaile Átha Cliath agus Rialachán Eurodac, togra le haghaidh Rialachán maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann (EUAA) a bhunú, togra le haghaidh Rialachán lena mbunaítear nós imeachta comhchoiteann don chosaint idirnáisiúnta san Aontas Eorpach, togra le haghaidh Rialachán um Cháilíochtaí, athmhúnlú ar an Treoir maidir le Coinníollacha Glactha agus togra le haghaidh Rialachán lena mbunaítear Creat Athshocraithe Aontais.
2. Lean Uachtaránacht na Bulgáire ar aghaidh leis an scrúdú ar na tograí thuasluaite, obair ar chuir Uachtaránacht na Hísiltíre tús léi agus dár lean Uachtaránacht na Slóvaice Uachtaránacht Mhálta, agus Uachtaránacht na hEastóine. Maidir leis an tuarascáil reatha ar dhul chun cinn, is breis í ar an tuarascáil a cuireadh faoi bhráid na Comhairle ar an 8 Nollaig 2017, mar a leagtar amach in 15057/1/17.

II. STAD REATHA NA GCOMHAD CEAS

A. RIALACHÁN BHAILE ÁTHA CLIATH

3. Ag an gcrúinniú a bhí aici i Meán Fómhair na bliana 2017, thug an Chomhairle Eorpach le fios gur dhíol sásaimh di an dul chun cinn a bhí déanta go nuige sin maidir leis an athchóiriú ar an gComhchóras Eorpach Tearmainn agus d'iarr sí go ndéanfaí tuilleadh cóineasaithe chun comhaontú a bhaint amach a mbeadh an chothromaíocht cheart ann idir an fhreagracht agus an dlúthpháirtíocht agus lena n-áiritheofaí athléimneacht i gcoinne géarchéimeanna eile feasta, i gcomhréir le conclúidí Chomhairle Eorpach mhí an Mheithimh 2017. Sna conclúidí uaithi, dúirt an Chomhairle Eorpach go raibh rún aici filleadh ar an ábhar sin ag an gcrúinniú a bheadh aici i mí na Nollag, agus go bhféachfadh sí le teacht ar chomhdhearcaidh sa chéad leath de 2018.

4. D'aithle an phlé a rinne na ceannairí ag an gcruinniú a bhí acu ar an 14-15 Nollaig 2017, ghairm Uachtaránacht na Bulgáire, faoi choimirce Chairde na hUachtaránachta agus arna treorú ag an gcreat a leag an Chomhairle Eorpach amach di, cruinnithe le saineolaithe faoi chuimsiú an Choiste Straitéiseach um Inimirce, um Theorainneacha agus um Thearmann (SCIFA) chun plé a dhéanamh ar théacs Rialachán Bhaile Átha Cliath. Tionóladh seacht gcinn de na cruinnithe sin, a mhair dhá lá nó trí an ceann, idir 15 Eanáir agus 8 Bealtaine. Go tráthrialta, cuireadh na príomh-shaincheisteanna a sainaitníodh ag na cruinnithe sin faoi bhráid Coreper chun go bpléifí iad agus go bhfaighfí tuilleadh teorach ina dtaobh d'fhonn rannchuidiú leis an bpróiseas faoina dtiocfar ar chomhdhearcaidh i gcomhréir leis an iarraidh ón gComhairle Eorpach. Anuas air sin, tionóladh dhá chruinniú de chuid na gComhairleoirí CGB ar an 18 Bealtaine agus 28 Bealtaine faoi seach.

B. AN TREOIR MAIDIR LE COINNÍOLLACHA GLACTHA

5. Is í an Mheitheal um Thearmann a rinne an scrúdú tosaigh ar an togra maidir le hathmhúnlú na Treorach maidir le Coinníollacha Glactha agus, ó mhí Iúil 2017, is ar Chomhairleoirí CGB atá an cúram sin. Ag an gcruinniú a bhí ag COREPER ar an 29 Samhain 2017, tugadh sainordú d'Uachtaránacht na hEastóine (agus tacaíocht fhorleathan ag dul leis) chun tús a chur leis an gcaibidlíocht le Parlaimint na hEorpa. Tionóladh an chéad chruinniú tríthaobhach ar an 12 Nollaig 2017. Tionóladh cúig cinn eile de chruinnithe tríthaobhacha le linn Uachtaránacht na Bulgáire. A bhuí leis an dianobair a rinneadh le Parlaimint na hEorpa ar an leibhéal teicniúil, tráth ar eagraíodh roinnt dréachtchoistí agus cruinnithe teicniúla tríthaobhacha de théisclim do na cruinnithe polaitiúla tríthaobhacha, bhíodhas in ann an Treoir a scrúdú ina hiomláine agus na seasaimh pholaitiúla éagsúlú (ar mhór eatarthu i dtaca le hábhair áirithe) a thabhairt níos gaire dá chéile trí bhíthin tograí comhréitigh a leagan amach. Táthar ag dréim leis go rachfar i ngleic, ag an gcruinniú tríthaobhach a bheidh ar siúl ar an 6 Meitheamh 2017, leis na saincheisteanna sin atá fós gan réiteach agus a bhfuiltear á bplé i láthair na huaire. Ach an méid sin a bheith i gcrích, beifear in ann teacht ar shocrú maidir lena mbeidh sa phacáiste deiridh.

C. AN RIALACHÁN UM CHÁILITHEACHTAÍ

6. I mí Mheán Fómhair 2017 a thosaigh an chaibidlíocht le Parlaimint na hEorpa. Sé idirphlé trípháirteach a bhí ann go dtí seo gan trácht ar na cruinnithe teicniúla a tharla idir eatarthu. Rinne Uachtaránacht na Bulgáire a seacht ndícheall teacht níos gaire do chomhaontú le Parlaimint na hEorpa maidir leis an Rialachán um Cháilíochtaí. Rinneadh plé téagartha tairbheach ar an leibhéal teicniúil agus thángthas ar shoiléiriú, maidir le tacar tábhachtach eilimintí, ó thaobh na gcritéar cáilítheachta agus ó thaobh na gceart agus na sochar a thugtar dóibh siúd dá ndeonaítear cosaint idirnáisiúnta. Rinneadh sin a dhearbhu ar an leibhéal polaitiúil freisin. Níltear tagtha ar chomhaontú fós i dtaobh na n-eilimintí tábhachtacha seo a leanas: úsáid éigeantach seachas roghnach a bhaint as rogha na cosanta inmheánaí; cáil éigeantach seachas roghnach an athbhreithnithe stádais; an sainmhíniú atá le tabhairt ar bhaill teaghlaigh; agus tréimhse bailíochta na gcead cónaithe. Dhá chruinniú thríthaobhacha eile atá á mbeartú (30 Bealtaine agus 14 Meitheamh). Tá rún ag an Uachtaránacht clabhsúr a chur ar an gcomhad seo sula dté a téarma in éag.

D. AN RIALACHÁN UM NÓSANNA IMEACHTA

7. Chuir Uachtaránacht na Bulgáire bailchríoch ar an tríú scrúdú ar an togra ag cruinniú a bhí ag an Meitheal um Thearmann, agus ar an gceathrú scrúdú ag cruinniú a bhí ag na Comhairleoirí CGB. Rinneadh gach iarracht ceisteanna na mBallstát a fhreagairt i dtaca le heilimintí éagsúla de chuid an togra (e.g. cúraimí na n-údarás inniúil; cúnamh dlí agus ionadaíocht dhlíthiúil le linn an phróisis nó na spriocdhátaí achomhairc; na forálacha um choincheap na tíre sábháilte) agus an chomhréireacht le forálacha ábhartha Rialachán Bhaile Átha Cliath a áirithiú. Maidir leis na forálacha sin darb aidhm bearnaí nós imeachta a dhúnadh agus mí-úsáid an chórais tearmainn a chosc, scrúdaíodh go mion iad féachaint le teacht ar na réitigh ba éifeachtaí ach solúbthacht áirithe a fhágáil ag na Ballstáit san am céanna. Ar an iomlán, rinneadh dul chun cinn nach beag ionas nach bhfuil fanta gan réiteach anois ach dornán saincheisteanna, amhail an t-achar a ndéanfar sonraí a stóráil agus an tslí a rachfar i mbun Rialachán Bhaile Átha Cliath. Ceithre cinn eile de chruinnithe de chuid na gComhairleoirí CGB atá á mbeartú agus rún ag an Uachtaránacht téacs an tsainordaithe caibidlíochta le Parlaimint na hEorpa a thíolacadh go gairid dá n-éis.

E. RIALACHÁN EURODAC

8. I mí Mheán Fómhair 2017, cuireadh tús leis an gcaibidlíocht idirinstitiúideach faoi Rialachán Eurodac a athmhúnlú, bunaithe ar an sainordú (arna shíneadh) a comhaontaíodh ag an gcruinniú a bhí ag COREPER ar an 15 Meitheamh 2017 agus ar an vóta a chaith an coiste LIBE ar an 30 Bealtaine 2017. Ar an 14 Feabhra 2018, chuir COREPER síneadh le sainordú caibidlíochta na Comhairle do Rialachán Eurodac d'fhonn go gcuimseofaí freisin ann saincheisteanna a bhaineann le cúrsaí athshocrúcháin. Ceithre cinn de chruinnithe tríthaobhacha a bhí ann le linn Uachtaránacht na hEastóine, agus ceann eile – an cúigiú ceann – ar an 25 Aibreán 2018 le linn Uachtaránacht na Bulgáire. Bíodh is go rabhthas in ann teacht ar chomhdhearcaidh i measc na gcomhreachtóirí faoi bhunáite na bhforálacha atá sa Rialachán athmhúnlaithe, tá roinnt saincheisteanna fós gan réiteach. Orthu siúd, tá: an t-achar a gcoinneofar a sonraí siúd a dhéanann iarratas ar thearmann; aistriú sonraí go tríú tíortha chun críocha fillte; ceist maidir le duine a bheith ag tionlacan mionaoiseach neamhthionlactha tráth a mbeidh sonraí bithmhéadracha an mhionaoisigh á nglacadh; agus úsáid a bheith á baint as an gcomhéigean i gcás nach mbítear sásta sonraí bithmhéadracha a thabhairt. Táthar tar éis teacht ar chomhaontú ar an leibhéal teicniúil i dtaca le cuid díobh sin. Tá súil ag an Uachtaránacht clabhsúr a chur ar na saincheisteanna sin ag cruinniú tríthaobhach a bheidh aici, sula dté a téarma in éag, le Parlaimint na hEorpa. Tá rún freisin ag an Uachtaránacht dul i mbun plé le Parlaimint na hEorpa maidir leis na forálacha sin de chuid an Rialacháin a bhaineann le cúrsaí athshocrúcháin.

F. RIALACHÁN EUAA

9. Tar éis an chomhaontaithe maidir le cur chuige ginearálta páirteach sa Chomhairle ar an 20 Nollaig 2016, chuir Uachtaránacht Mhálta tús leis an gcaibidlíocht le Parlaimint na hEorpa i mí Eanáir 2017. Mar thoradh ar shraith cruinnithe teicniúla agus cruinnithe tríthaobhacha, tháinig Uachtaránacht Mhálta ar chomhaontú, le linn an chruinnithe thríthaobhaigh ar an 28 Meitheamh, maidir le téarmaí achtacháin an téacs. Tá Uachtaránacht na hEastóine ag treabhadh léi i gcónaí, ar an leibhéal teicniúil, d'fhone aithrisí an téacs a thabhairt ar comhréim le corp an togra, agus í tagtha ar chomhaontú le Parlaimint na hEorpa i dtaobh na saincheiste. Chuir Uachtaránacht na hEastóine freisin i gcrích an gealltanais maidir leis an díorma cúltaca um thearmann ina mbeidh 500 saineolaí. Ar an 6 Nollaig 2017, thug COREPER dá aire an comhaontú ar thángthas air le Parlaimint na hEorpa maidir le téacs iomlán an togra cé is moite den téacs sin atá idir lúibíní cearnacha agus a thagraíonn do na tograí eile maidir le CEAS. Táthar tar éis an obair a bhaineann leis an togra a chur go leataobh go fóill nó go bhfeicfear céard is cor don chaibidlíocht ar an gcuid eile den phacáiste CEAS.

G. AN RIALACHÁN MAIDIR LE HATHSHOCRÚ

10. Ar an 15 Samhain 2017 a glacadh an sainordú caibidlíochta le Parlaimint na hEorpa. I mí na Nollag 2017 a cuireadh tús leis an gcaibidlíocht idirinstiúideach. Ceithre cinn de chruinnithe tríthaobhacha a tionóladh faoi Uachtaránacht na Bulgáire go nuige seo, rud a d'fhág go ndearnadh roinnt dul chun cinn i dtaca le cúpla ceann de na moltaí atá sa togra. Tionólfar tuilleadh cruinnithe tríthaobhacha sna seachtainí seo romhainn d'fhone teacht ar chomhaontú polaitiúil sula dté téarma na hUachtaránachta in éag.

III. COMHCHÓRAS EORPACH TEARMAINN

11. Tá na comhaid sin thuas ar fad nasctha le chéile agus is iad is bun leis an gComhchóras Eorpach Tearmainn. Ar cheann de na laigí is mó a sainaithníodh i dtaca le córas tearmainn an Aontais, tá nach féidir gluaiseachtaí tánaisteacha ó Bhallstát go Ballstát ag lucht iarrtha tearmainn a dhíspreagadh. Faoi Rialachán Bhaile Átha Cliath, ina riocht reatha, féachtar le cosc a chur le hiarratais iolracha ar thearmann trí fhreagracht a leagan ar Bhallstát amháin as iarratas ar thearmann, agus trí tháscairí soiléire a sholáthar maidir leis an mBallstát atá freagrach, beag beann ar pé ní is fearr leis an iarratasóir féin. Déantar foráil ann do chóras faoina n-aistreofar iarratasóirí chuig an mBallstát freagrach. Ach tá dreasacht le fáil freisin i rialacha Bhaile Átha Cliath maidir le scor freagrachta, ina riocht reatha, ag iarratasóirí nó ag imircigh neamhrialta a mbealach a dhéanamh chuig an tír is rogha leo agus iarratas ar chosaint a dhéanamh ansiúd. Anuas air sin, i gcás ina n-éiríonn leo teacht thart ar an oibleagáid atá i Rialachán Eurodac maidir le sonraí bithmhéadracha a thabhairt, ní bhítear in ann Rialachán Bhaile Átha Cliath a chur i bhfeidhm mar is ceart, rud a fhágann – i dteannta líon íseal na n-aistrithe a chuirtear i gcrích – go mbíonn an córas gan éifeacht.
12. Dreasacht eile don ghluaiseacht thánaisteach is ea a ísle atá an comhchuíbhiú idir córais tearmainn na mBallstát, i dtaca le fad an phróisis, mar shampla, nó leis na dálaí glactha. Is iad na forálacha roghnacha sin atá sa Treoir maidir le Níosanna Imeachta Tearmainn agus sa Treoir maidir le Coinníollacha Glactha is cúis, cuid mhaith, gurb amhlaidh atá an scéal. Ar an gcuma chéanna, chuideofaí le líon na ngluaiseachtaí tánaisteacha a laghdú ach deireadh a chur, trí bhíthin an Rialacháin um Cháilíochtaí, leis na forálacha lánroghnacha sin atá fanta sna critéir faoina measúnaítear tuillteanas na n-éileamh ar thearmann.

13. Is ceann de phríomhaidhmeanna an athchóirithe ar an gComhchóras Tearmainn Eorpach (CEAS) aghaidh a thabhairt ar ghluaiseachtaí tánaisteacha. Moladh raon beart ar fud an acquis tearmainn ina iomláine chun iarratasóirí ar an gcosaint idirnáisiúnta agus tairbhíthe na cosanta sin a dhíspreagadh ó thaisteal anonn chuig an mBallstát is rogha leo agus chun smachtbhannaí a fhorchur i leith na ngluaiseachtaí neamhrialta sin. Cé is moite de bhearta i Rialachán Bhaile Átha Cliath agus i Rialachán Eurodac, moladh feabhsuithe eile nós imeachta eile sa Rialachán maidir leis an Nós Imeachta Tearmainn (APR). Ó tharla go ngabhfaidh an Rialachán seo ionad na Treorach atá ann faoi láthair, beidh na rialacha agus na spriocdhátaí gaolmhara infheidhme go díreach sna Ballstáit agus ar an gcaoi sin, cuirfear deireadh leis na neamhréireachtaí móra atá ann faoi láthair ó thaobh nós imeachta ar leibhéal an Aontais agus cuirfear deireadh leis an dreasacht a bhaineann le bogadh idir Ballstáit ag iarraidh imeachtaí níos tapa. Ina theannta sin, leis an rialachán, cuirtear oibleagáidí soiléire ar an iarratasóir, a ngabhann smachtbhannaí diana leo mura gcomhlíonfar iad. Baineann gné thábhachtach eile le comhchuíbhiú na rialacha maidir le tríú tíortha sábháilte, tíortha an chéad tearmainn, agus tíortha sábháilte tionscnaimh, dá dtagraítear tuilleadh thíos.
14. Léirítear go soiléir leis an méid thuas go bhfuil gach comhad CEAS fite fuaite ina chéile. Dá bhrí sin, ní féidir dul chun cinn ceart a dhéanamh chun spriocanna CEAS a chur chun feidhme, is é sin gluaiseachtaí tánaisteacha a theorannú agus nósanna imeachta tearmainn a dhéanamh níos éifeachtúla, ach amháin más féidir teacht ar chomhaontú faoi gach comhad CEAS (féach Iarscríbhinn 1).

Is sa chomhthéacs sin a chuireann an Uachtaránacht na ceisteanna thíos faoin dá chomhad, nár tháinig an Chomhairle ar chomhaontú ina leith go fóill agus nár glacadh sainordú caibidlíochta ina leith, faoi bhráid na Comhairle, eadhon an Rialachán maidir leis an Nós Imeachta Tearmainn agus Rialachán Bhaile Átha Cliath. Tá sé ríthábhachtach teacht ar chomhaontú maidir leis an dá chomhad sin freisin a mhéid a bhaineann leis an gcaibidlíocht le Parlaimint na hEorpa, ionas go bhféadfar bailchríoch a chur ar an athchóiriú ar CEAS laistigh de shainordú na Parlaiminte reatha.

A. AN RIALACHÁN UM NÓSANNA IMEACHTA

15. Sa togra le haghaidh Rialachán maidir leis an Nós Imeachta Tearmainn, tá forálacha mionsonraithe maidir leis na coincheapa maidir le tír shábháilte, eadhon an tríú tír shábháilte, tír an chéad tearmainn agus an tír shábháilte thionscnaimh. Tá coincheap an tríú tír shábháilte agus coincheap thír an chéad tearmainn ina bhforais ar dearbhú a dhéanamh go bhfuil iarratas neamh-inghlactha, agus tá an tír shábháilte thionscnaimh ina fhoras ar iarratas a scrúdú i nós imeachta scrúdúcháin brostaithe. Déantar foráil sa togra maidir le liostaí de chuid an Aontais do thíortha sábháilte tionscnaimh agus do thríú tíortha sábháilte araon. Cuireadh liosta de thíortha sábháilte tionscnaimh i gceangal leis an Rialachán atá beartaithe, cé nach raibh liosta de thríú tíortha sábháilte ann, ach dúradh ann go bhfuil sé sin le glacadh ag céim níos déanaí trí leasú a dhéanfar amach anseo ar an Rialachán maidir leis an Nós Imeachta Tearmainn (Airteagal 46)¹.
16. Rinneadh plé mionsonraithe comhlachtaí ullmhúcháin éagsúla na Comhairle maidir leis na gnéithe éagsúla a bhaineann le coincheap na dtíortha sábháilte. Dá bhrí sin, rinneadh plé suntasach ar na critéir sin ba cheart do thríú tír shábháilte nó do thír an chéad tearmainn a chomhlíonadh agus ar choincheap gaolmhar na 'cosanta leordhóthanaí', go háirithe tar éis na gconclúidí ón gComhairle Eorpach i mí Meithimh 2017, inar iarradh go ndéanfaí na forálacha ábhartha sa togra a ailíniú leis na ceanglais iarbhir a thagann as Coinbhinsiún na Ginéive agus as dlí príomha an Aontais. Pléadh na gnéithe sin freisin ag cruinniú SCIFA² ar an 28 Meán Fómhair 2017. Tá dul chun cinn suntasach déanta ó shin maidir leis na coincheapa sin a shoiléiriú agus thacaigh na Ballstáit, a bheag nó a mhór, leis na moltaí comhréitigh is déanaí ón Uachtaránacht, agus comhlíonadh iarraidh na Comhairle Eorpaí dá bhrí sin.

¹ Is gné bhunriachtanach den APR iad na liostaí sin agus, dá bhrí sin, ní féidir iad a mhodhnú ach trí Rialachán ba cheart a ghlacadh tríd an ngnáthnós imeachta reachtach. Féach breithiúnas na Cúirte Breithiúnais i gCás C-133/06.

² 12331/17

17. Faoin togra comhréitigh is déanaí ón Uachtaránacht, beidh na Ballstáit in ann liostaí náisiúnta a choinneáil nó a thabhairt isteach i gcónaí de thíortha sábháilte tionscnaimh nó de thríú tíortha sábháilte, i gcomhthráth le liostaí an Aontais (Airteagal 50). Ciallaíonn sé sin, i gcás ina dtagann iarratasóir ó thíir shábháilte thionscnaimh, is féidir a dhearbhu go bhfuil iarratas gan bhunús, cé nach bhfuil an tír sin ar liosta an Aontais de thíortha sábháilte tionscnaimh ach go bhfuil sí ar liosta náisiúnta an Bhallstáit atá freagrach. Ar an gcuma chéanna, i gcás iarratasóir a tháinig chuig an Aontas trí thríú tír shábháilte agus gur féidir é a athligean isteach sa tríú tír sin, is féidir a dhearbhu go bhfuil iarratas neamh-inghlactha, cé nach bhfuil an tír sin ar liosta an Aontais de thríú tíortha sábháilte ach go bhfuil sí ar liosta náisiúnta an Bhallstáit. Mar sin féin, i gcás ina bhfionraítear tríú tír a bheith ainmnithe mar thríú tír shábháilte ar leibhéal an Aontais, ní ainmneoidh na Ballstáit an tír sin mar thríú tír shábháilte ar an leibhéal náisiúnta. Mura n-ainmnítear an tríú tír mar thíir shábháilte ar leibhéal an Aontais a thuilleadh, ní fhéadfaidh na Ballstáit an tríú tír sin a ainmniú mar thríú tír shábháilte ach amháin mura ndéanfaidh an Coimisiún agóid i gcoinne an ainmnithe sin.
18. Is le linn cruinniú SCIFA³ ar an 17 Bealtaine 2018 a rinneadh an plé is déanaí ar inneachar liosta an Aontais de thíortha sábháilte tionscnaimh, agus ar an rogha liosta de chuid an Aontais de thríú tíortha sábháilte a bheith i gceangal cheana leis an Rialachán maidir leis an Nós Imeachta Tearmainn. Tar éis an chruinnithe sin, tháinig sé chun solais go gcomhaontaíonn na Ballstáit liosta de chuid an Aontais de thíortha sábháilte tionscnaimh a bheith acu i gcomhthráth leis na liostaí náisiúnta.

³ 8735/18

Deimhníodh freisin sa phlé a rinneadh i SCIFA go bhfuil na Ballstáit i bhfabhar go mbeadh liosta de chuid an Aontais de thríú tíortha sábháilte i gceangal leis an Rialachán maidir leis an Nós Imeachta Tearmainn. Léiríodh sa phlé freisin nach gá fanacht le haghaidh comhaontú faoi inneachar na liostaí sin sula gcuirfear tús leis an gcaibidlíocht le Parlaimint na hEorpa agus gur féidir an t-inneachar a chomhaontú i measc na mBallstát ag céim níos déanaí i bhfoirm sainordú caibidlíochta forlíontach. Idir an dá linn, tá sé i gceist ag an Uachtaránacht sainordú caibidlíochta a lorg ar an gcuid eile den togra roimh dheireadh mhí an Mheithimh 2018.

19. *I bhfianaise an méid sin, iarrtar ar na toscaireachtaí teacht ar chomhaontú maidir leis an méid seo a leanas:*

- *ba cheart liosta de chuid an Aontais de thríú tíortha sábháilte a bheith curtha i dtoll a chéile faoin am a nglacfar an Rialachán maidir leis an Nós Imeachta Tearmainn, lena gcur i gceangal leis an Rialacha sin;*
- *ba cheart do CRP sainordú caibidlíochta a ghlacadh mar ábhar práinne i ndáil leis an Rialachán maidir leis an Nós Imeachta Tearmainn, go dtí deireadh mhí an Mheithimh ionas go mbeidh sé ar chumas na hUachtaránachta nua tús a chur leis an gcaibidlíocht le Parlaimint na hEorpa.*

B. RIALACHÁN BHAILE ÁTHA CLIATH

20. Ag tógáil ar an bplé a bhí ann faoi na hUachtaránachtaí a bhí ann roimhe seo maidir le cur i bhfeidhm éifeachtach phrionsabail na dlúthpháirtíochta agus na freagrachta, chuir Uachtaránacht na Bulgáire ar ancaire i Rialachán Bhaile Átha Cliath an bhunchloch le haghaidh sásra nua maidir le bainistiú a dhéanamh ar an ngéarchéim imirce agus tearmainn san Aontas nuair a bheidh faoi bhrú. Rinneadh an méid sin i gcomhthráth leis an obair a rinneadh ar bhloic thógála eile den chóras tearmainn agus imirce, a chuirfear le chéile agus na gnéithe den bheartas cuimsitheach a bheith mar bhonn, ar gnéithe iad maidir le bainistiú treisithe teorainneacha, maidir le filleadh agus maidir leis an ngné sheachtrach. Rinneadh an togra ón Uachtaránacht ar an tuiscint gur cheart freagairt na hEorpa do bhrú díréireach imirce a bheith sistéamach, comhordaithe agus tráthuil. Ba cheart go mbeifí in ann, leis an togra, aghaidh a thabhairt ar bhealach iomchuí, ar staideanna éagsúla a d'fhéadfadh teacht chun cinn, ní hamháin san Aontas ach lasmuigh den Aontas freisin agus dá bhrí sin ba go mbeadh sé inoiriúnaithe do leibhéal éagsúla an bhrú, do na sreabha éagsúla imirce nó do staideanna sna tíortha tionscnaimh agus idirthurais. Ba cheart go n-áiritheofaí gníomhaíocht chomhleanúnach ó na páirtithe leasmhara ábhartha go léir, lena n-áirítear na Ballstáit agus institiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí de chuid an Aontais.

Ar bhonn an taithí a fuarthas agus an chiall cheannaithe ó ghéarchéim na bliana 2015 agus ar bhonn na dtorthaí ón bplé a rinneadh ar an leibhéal polaitiúil maidir le príomhphrionsabail athchóiriú Bhaile Átha Cliath, tá sé molta ag Uachtaránacht na Bulgáire go gcuirfí caibidil nua isteach ina ndéanfaí foráil maidir le freagairt Eorpach chuimsitheach do bhrú díréireach imirce.

Má fhéachtar ar fhíorais agus ar uimhreacha a chonacthas idir 2010 agus 2017 agus a bhaineann leis an staid atá ann, is léir go bhfuil gá le sásra struchtúrtha ar leibhéal an Aontais chun a áirithiú go dtabharfar aghaidh, ar bhealach córasach, tráthuile, ar aon dúshlán a d'fhéadfadh a bheith roimh chórais tearmainn agus imirce an Aontais. Mar a léirítear in Iarscríbhinn 2, thosaigh líon na n-iarratas ar thearmann ag dul i méid ar leibhéal an Aontais in 2011 - tráth ar thosaigh na coinbhleachtaí sa tSiria agus sa Libia - agus is in 2015 a bhí an líon iarratas is airde ann. Ós rud é nár bh ann do chritéir ná bearta réamhaontaithe ag an am, cuireadh go leor beart éagsúil *ad-hoc* le chéile go gasta chun freagairt do staid a bhí ag dul in olcas. Mar thoradh air sin, cuireadh moill ar ghlacadh na mbeart riachtanach go dtí 2015-2016, nuair ba léir do mhadraí na sráide fiú go raibh an staid chomh tromchúiseach sin gur ghá don Aontas freagairt láidir a dhéanamh. Mar fhocal dearfach, is féidir a rá freisin, gurb amhlaidh, nuair a gníomhachtaíodh na bearta faoi seach, gur ghníomhaigh na Ballstáit agus institiúidí agus gníomhaireachtaí an Aontais le chéile, go comhpháirteach, agus cosaint na dteorainneacha seachtracha á cheadú mar aon le laghdú seasta i líon na n-imirceach neamhrialta a bhí ag teacht agus ar na daoine a cailleadh ar muir, fáil réidh le gluaiseachtaí mí-ordúla agus bealaí dlíthiúla, sábháilte a chur ina n-ionad do dhaoine a raibh fíorghá acu le cosaint idirnáisiúnta a fháil agus cabhrú leis na Ballstát sin is mó a bhí buailte chun aghaidh a thabhairt ar an mbrú. Cé gur deacair tionchar na mbeart aonair a seoladh le linn na tréimhse sin a mheas, ba iad na bearta sin le chéile ba chúis le laghdú seasta, de réir a chéile, ar an mbrú agus le bainistiú níos fearr ar na sreabha imirce agus tearmainn, lena n-áirítear líon na n-imirceach neamhrialta a bhí ag teacht a laghdú ar bhealach inbhuanaithe le himeacht ama.

21. Tríd an gcaibidil nua a thabhairt isteach, tá sé d'aidhm ag an Uachtaránacht Rialachán Bhaile Átha Cliath a úsáid chun an bhunchloch a bhunú le freagairt lánfheidhme géarchéime a fhorbairt maidir le córas imirce agus tearmainn an Aontais a bhainistiú nuair a chuirtear faoi bhrú é, go háirithe trí thacar de bhearta a chur ar fáil a d'fhéadfaí a chur i bhfeidhm le linn na gcéimeanna éagsúla a bhaineann le géarchéim a d'fhéadfadh tarlú. Ba cheart na bearta a cheapadh chun go bhféadfaí freagairt shaincheaptha a dhéanamh do staideanna éagsúla réamhghéarchéime agus géarchéime: leibhéil éagsúla brú, sreabha éagsúla imirce, staideanna éagsúla i dtíortha tionscnaimh agus idirthurais, etc.

Sa togra ón Uachtaránacht, déantar idirdhealú idir trí chéim den sásra géarchéime: gnáthimthosca, imthosca dúshlánacha agus géarchéimeanna tromchúiseacha. Roinneadh an dara céim, imthosca dúshlánacha, ina dá fho-chéim. Sa téacs nua de Chaibidil VIA, leagtar bearta agus critéir bhreise amach ba cheart a chur i bhfeidhm tráth a mbíonn imthosca dúshlánacha roimh Bhallstát amháin nó níos mó nó a mbíonn géarchéim thromchúiseach ann nó iontu. Is é an príomhchoincheap atá ábhartha anseo ná coincheap an sciar chóir, a sheasann do mhéid na n-iarratasóirí a bheadh gach Ballstát in ann a láimhseáil. Más rud é, in ainneoin na mbearta a dhéantar, go dtéann an staid in olcas, ba cheart feidhm a bheith ag na nósanna imeachta dá bhforáiltear do staid na géarchéime tromchúisí (féach Iarscríbhinn 3).

22. Mar thoradh ar an bplé a luaitear thuas, dearbhaíodh cuspóirí foriomlána Rialachán Bhaile Átha Cliath agus fuarthas tacaíocht leathan maidir le formhór na bhforálacha den dréacht-Rialachán. Mar sin féin, shonraigh mórán toscaireachtaí go mbeidh a gcuid seasamh deiridh ag brath ar an gcothromaíocht fhoriomlán a bhainfear amach idir an dlúthpháirtíocht agus an fhreagracht agus ar éifeachtacht fhoriomlán Rialachán athchóirithe Bhaile Átha Cliath.
23. Tá sé rithábachtach d'fheidhmiú chóras tearmainn nua an Aontais amach anseo go mbainfear cothromaíocht cheart amach idir an dlúthpháirtíocht agus an fhreagracht. Ar lámh amháin, tá gá le tacar critéar soiléir chun an fhreagracht a chinneadh nach ndéantar a aistriú ná nach gcuirtear deireadh léi go héasca. Leis an athchóiriú ar chóras Bhaile Átha Cliath, caithfear fachtóirí tarraingthe a chosc agus gluaiseachtaí tánaisteacha agus mí-úsáid a theorannú trí oibleagáidí soiléire a chur ar na Ballstáit agus ar na hiaratasóirí, lena n-áirítear iarmhairtí i gcás neamhchomhlíonadh, agus nósanna imeachta éifeachtúla a áirithiú, trí aistrithe Bhaile Átha Cliath a éascú. Ar an lámh eile, caithfidh gné láidir choisctheach a bheith ag roinnt leis an gcóras athchóirithe, agus na staideanna géarchéime á dteorannú a mhéid is féidir ach, ag an am céanna, tráth a dtarlóidh imeachtaí gan choinne nó a mbeidh ualach díréireach ar Bhallstát, ní mór don Aontas sásra dlúthpháirtíochta a bheith aige a fheidhmíonn go maith, atá éifeachtach agus atá éasca a ghníomhachtú.

24. I bhfianaise aird a bheith á tabhairt ag an Uachtaránacht ar sheasaimh na dtoscaireachtaí, ba cheart an chothromaíocht i Rialachán Bhaile Átha Cliath a bheith bunaithe ar na heilimintí seo a leanas (féach Iarscríbhinn 4):

A mhéid a bhaineann le freagracht:

- freagracht chobhsaí 8 mbliana;
- rialacha neartaithe maidir le cur i bhfeidhm na gcritéar chun an Ballstát freagrach a chinneadh;
- tús a chur le nós imeachta Bhaile Átha Cliath tar éis clárú;
- spriocdhátaí ciorraithe maidir gach céim de nós imeachta Bhaile Átha Cliath a sheoladh;
- fógraí maidir le tógáil ar ais a thabhairt isteach.

A mhéid a bhaineann le dlúthpháirtíocht:

- an t-ualach tearmainn atá ar gach Ballstát a thomhas go cóir;
- tacaíocht airgeadais uathoibríoch (*per capita* le haghaidh iarratasóirí, tairbhithe agus fillithe);
- tacaíocht uathoibríoch theicniúil shaineolaíoch agus oibríochtúil i réimsí an tearmainn agus an fhille;
- tacaíocht spriocdhírthe don ghné sheachtrach, dírithe ar thríú tíortha tionscnaimh agus idirthurais, agus do thíortha an chéad tearmainn agus do thíortha comharsanachta;
- leithdháileadh spriocdhírthe, ar bhonn deonach go príomha, le dreasachtaí láidre, agus, mar rogha dheireanach, ar bhonn Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle mar ráthaíocht éifeachtach ghníomhachtú an leithdháilte.


25. *I bhfianaise an méid sin, iarrtar ar na toscaireachtaí teacht ar chomhaontú maidir leis an méid seo a leanas:*

- *go ndearnadh dul chun cinn suntasach go dtí seo maidir le cothromaíocht shásúil a bhaint amach idir an fhreagracht agus an dlúthpháirtíocht agus maidir le teacht aniar a áirithiú i gcoinne géarchéimeanna a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo,*
- *go bhfuil an togra comhréitigh a d'ullmhaigh an Uachtaránacht ina bhonn maith do na hullmhúcháin ina mbeidh uachtaránacht na Comhairle Eorpaí, i gcomhairle leis an Uachtaránacht rothlach agus ag tógáil ar an obair a rinneadh go dtí seo, rannpháirteach tar éis an chruinnithe den Chomhairle, i bhfianaise an chruinnithe a bheidh ag na Ceann Stáit nó Rialtais ag deireadh mhí an Mheithimh, ag díriú ar na príomhshaincheisteanna atá fós gan réiteach.*


Ag brath ar an toradh a bheidh ar an gComhairle Eorpach i mí an Mheithimh, ba cheart sainordú caibidlíochta a ghlacadh go tapa chun tús a chur le caibidlíocht le Parlaimint na hEorpa a luaithe is féidir.

New CEAS under normal circumstances

Streamlined for persons in need of protection, Rigid for asylum shopping




New CEAS effective procedures under crisis



© European Union, 2018.
Reproduction is authorised, provided the source is acknowledged

New Dublin


PROTECTING EUROPE - REVERSING THE DYNAMICS



	EU REACTION IN CHALLENGING CIRCUMSTANCES		EU REACTION IN SEVERE CRISIS
LEAD	COM	COUNCIL	EUCO
TRIGGER	Automatically Immediate, targeted (simultaneously or individually)	Council decision	EUCO guidance
RESPONSE	 Financial support  Expert support  Technical support  Operational support  Returns  Resettlement  Emergency evacuation schemes  Deployment of EMLOs  Activating EU DEL  Capacity building and training in 3rd countries  Allocation  Migrant smuggling Other measures	ALL UPGRADED	ALL UPGRADED + Extraordinary measures
ACTION	COM, EEAS, Agencies MS concerned different MS depending on willingness, possibilities and real needs	COM, EEAS, Agencies MS concerned all MS on all measures	According to guidance from EUCO



© European Union, 2018.
Reproduction is authorised, provided the source is acknowledged



Main objectives of the reform

✳ Curbing secondary movements ✳ Alleviating burden from the front-line MS

To be applied by individual MS

RESPONSIBILITY	SOLIDARITY
<i>stable responsibility of 8 years</i>	<i>fair measurement of the asylum burden of every MS</i>
<i>strengthened rules for application of the criteria for determining the responsible MS</i>	<i>automatic financial support (applicants, beneficiaries, returns)</i>
<i>allowing the start of the procedures as of the registration</i>	<i>automatic expert, technical and operational support</i>
<i>shortened deadlines for all stages of the procedure</i>	<i>targeted support for the external dimension</i>
<i>introduction of take back notification</i>	<i>targeted allocation at all stages</i>

Overall outcome for the EU asylum system:

- ✳ Efficient and effective determination of responsible MS;
- ✳ Streamlined asylum procedures eliminating asylum shopping;
- ✳ Clear obligations for applicants and rigid consequences for non-compliance;
- ✳ Fully-fledged crisis mechanism for managing the system when under pressure;
- ✳ Clear criteria for levels of pressure on a MS's asylum system;
- ✳ Mechanisms for EU solidarity